2026/728

27.3.2026

CINNEADH (AE) 2026/728 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Márta 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le rannpháirtíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha mar bhreathnóirí i gcruinnithe an Choiste sin, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 336, i gcomhar le h Airteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas Eorpach Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('an Coinbhinsiún') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle ([1]) i ndáil le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais, agus trí bhíthin Chinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle ([2]) i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus *non-refoulement*, a mhéid a thagann na hábhair sin faoi inniúlacht eisiach an Aontais, agus tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm i leith an Aontais an 1 Deireadh Fómhair 2023.

(2) Is é atá i gCoiste na bPáirtithe ('an Coiste') comhlacht de shásra faireacháin an Choinbhinsiúin. An 4 Bealtaine 2015, ghlac an Coiste, i gcomhréir le hAirteagal 67(3) den Choinbhinsiún, a rialacha nós imeachta ('na Rialacha Nós Imeachta'), mar a leagtar amach i nDoiciméad IC-CP(2015)2. Foráiltear sna Rialacha Nós Imeachta go bhfuil an Coiste in ann a údarú d'ionadaithe na sochaí sibhialta, go háirithe eagraíochtaí neamhrialtasacha atá gníomhach chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, ionadaithe a chur chuig a chruinnithe mar bhreathnóirí ar bhonn *ad hoc*. Foráiltear iontu freisin nach bhfuil aon cheart vótála ná go n-íocfar a speansais ag breathnóirí.

(3) Tar éis iarraidh a fháil ó eagraíocht neamhrialtasach chun bheith rannpháirteach mar bhreathnóir i gcruinnithe an Choiste, ba léir gur ghá an nós imeachta agus na critéir a bhunú chun breithniú a dhéanamh ar eagraíochtaí neamhrialtasacha a ligean isteach mar bhreathnóirí *ad hoc* chun críocha na Rialacha Nós Imeachta ábhartha a chur chun feidhme. Tionóladh an idirphlé maidir le cur chuige an Choiste i leith iarrataí den sórt sin ag an 18ú agus ag an 19ú cruinniú den Choiste i mí an Mheithimh 2025 agus i mí na Nollag 2025.

(4) An 27 Eanáir 2026, ar bhonn idirphlé an Choiste, roinn Rúnaíocht an Choiste ('an Rúnaíocht') dréacht-Chinneadh maidir le rannpháirtíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha mar bhreathnóirí i gcruinnithe Choiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Iostanbúl ('an gníomh atá beartaithe'), mar a leagtar amach i ndoiciméad IC-CP(2026)1 prov. D'iarr an Rúnaíocht ar na Páirtithe an togra a fhormheas trí nós imeachta i scríbhinn. Cuireadh in iúl do na Páirtithe, freisin, mura gcuirtear agóidí i scríbhinn faoi bhráid na Rúnaíochta faoin 26 Márta 2026, mheasfaí gur glacadh an gníomh atá beartaithe.

([1]) Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais (IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1075/oj).

([2]) Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus le tearmann agus *non-refoulement* (IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1076/oj).

(5) A mhéid a bhaineann leis an nós imeachta atá beartaithe chun breithniú á dhéanamh ar eagraíochtaí neamhrialtasacha a ligean isteach mar bhreathnóirí *ad hoc*, leis an ngníomh atá beartaithe déantar foráil go bhfuil an Coiste le cinneadh a dhéanamh maidir leis an ligean isteach sin trí nós imeachta an tosta, i scríbhinn, arna eagrú ag an Rúnaíocht roimh an gcruinniú ábhartha, agus go bhfuil cinneadh le glacadh ag an gcruinniú sin i gcás go ndéantar agóidí. Tá rannpháirtíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha mar bhreathnóirí *ad hoc* i gcruinnithe an Choiste le bheith teoranta do dhíospóireachtaí téamacha an Choiste agus d'fhéadfaí í a leathnú chuig roinnt cruinnithe. Beidh le háireamh sna critéir chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar ligean isteach an iarraidh a chur isteach go tráthúil, comhlíontacht na heagraíochta le luachanna Chomhairle na hEorpa, gníomhaíocht na heagraíochta neamhrialtasacha i réimse chomhrac an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh, agus clárú na heagraíochta neamhrialtasacha i mBallstáit Chomhairle na hEorpa nó i dtíortha a bhí ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún Iostanbúl nó a éirigh gur spéis leo a bheith ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún, nó seoladh gníomhaíochtaí na heagraíochta neamhrialtasacha laistigh díobh.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bhunú, ós rud é go mbeidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar an Aontas faoin dlí idirnáisiúnta.

(7) Ba cheart an dréachtchinneadh maidir le rannpháirtíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha mar bhreathnóirí i gcruinnithe Choiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Iostanbúl a fhormheas thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais. I réimse na n-inniúlachtaí comhroinnte a chumhdaítear leis an dréachtchinneadh, coinníonn na Ballstáit a n-inniúlacht a mhéid nach ndéanann an dréachtchinneadh difear do na comhrialacha ná nach n-athraíonn sé a raon feidhme.

(8) Chun na Rialacha Nós Imeachta a chur chun feidhme lena gceadófar d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí *ad hoc* ag cruinnithe an Choiste, tá an Coiste le cinneadh a dhéanamh maidir le nós imeachta chun eagraíochtaí neamhrialtasacha a ligean isteach ina chruinnithe agus teacht ar chomhaontú maidir le liosta de chritéir chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais ar ligean isteach. Is cosúil go bhfuil an nós imeachta atá molta réasúnta, éifeachtúil agus soiléir go leor, agus is cosúil go bhfuil an liosta critéar atá beartaithe iomchuí agus deartha chun a áirithiú nach nglacfar ach le heagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha mar bhreathnóir.

(9) Ba cheart gurb é seasamh an Aontais, dá bhrí sin, gan agóid a dhéanamh i gcoinne ghlacadh an ghnímh atá beartaithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe, arna bhunú faoi Airteagal 67 de Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, gan agóid a dhéanamh i gcoinne ghlacadh an dréacht-Chinnidh maidir le rannpháirtíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha mar bhreathnóirí i gcruinnithe Choiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Iostanbúl, mar a leagtar amach sa doiciméad IC-CP(2026)1 prov.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. RAOUNA